



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

# NUA-AOISIÚ CHLÁR TOGHTHÓIRÍ NA hÉIREANN – TUAIRISC AR AN gCOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ ACHOIMRE

## ACHOIMRE

---

Cuireadh an comhairliúchán ar siúl ón 17 Nollaig 2018 go dtí an 15 Márta 2019 agus lorg sé dearcthaí an phobail ar shraith tograí chun an próiseas clárúcháin toghthóirí a nuachóiriú. Ba iad na tograí:

1. Simpliú foirmeacha agus an phróisis
2. Clár rollach toghthóirí (clár leanúnach 'beo' toghthóirí)
3. Clárúchán roghnach ar líne (agus beidh an rogha ar fáil go fóill chun clárú le foirmeacha páipéir) agus féinseirbhís shlán
4. Aistriú go dtí clárúchán aonair amháin
5. Bunachar sonraí amháin don chlár toghthóirí náisiúnta a chumasú a bhfuil aitheantóirí uathúla aige
6. Aistriú chuig aitheantas fíoraithe agus úsáid á baint as Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) duine
7. Sonraí a roinnt idir comhlachtaí poiblí agus údaráis chlárúcháin toghthóirí (údaráis áitiúla) chun cruinneas agus cuimsitheacht a choimeád

Cuireadh clár mór feasachta ar siúl i rith na tréimhse comhairliúcháin chun feasacht a uasmhéadú agus chun réimse fairsing daoine a spreagadh chun cur leis. Fuarthas 187 aighneacht ó réimse daoine aonair, eagraíochtaí pobail agus deonacha, Údaráis Áitiúla, ionadaithe poiblí agus páirtithe polaitíochta.

Go ginearálta, bhí freagróirí tógtha go mór le héirim fairsing na dtograí agus bhí líonta móra daoine i bhfabhar foirmeacha agus próisis a shimpliú; clárúchán rollach agus bunachar sonraí aonair. Bhí tuairimí níos éagsúla i measc daoine, ach bhí siad dearfach mar sin féin, aitheantas a fhíorú trí úsáid a bhaint as UPSPanna; agus clárúchán ar líne – go mór mór ar bhunús saincheisteanna sonracha a bhaineann leis na hathchóirithe ar leith siúd a chur i bhfeidhm. Bhí na freagairtí ba mheasctha i measc clárúcháin aonair agus sonraí a roinnt agus rinne freagróirí roinnt rioscaí/saincheisteanna maidir le cur i bhfeidhm a shainnithint agus déanfar breithniú an-chúramach orthu seo.

Maidir leis na ceithre thogra bhreise (córas clárúcháin gan ainm a sholáthar; soláthar feabhsaithe do chlárúcháin dóibh siúd nach bhfuil aon seoladh seasta acu; luathchlárúchán do dhaoine 16-18 mbliana d'aois agus an soláthar a bhaint don chlár a chuirtear in eagar), cé nár luaigh ach líonta níos lú daoine iad seo, bhí na daoine siúd a luaigh iad go mór i bhfabhar na n-athchóirithe – agus chuir go leor eagraíochtaí leis na moltaí mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm.

I measc na dtéamaí foriomlána a tháinig chun solais sa chomhairliúchán, bhí an méid seo a leanas:

- Fáiltíonn freagróirí roimh bhearta chun iomláine an phróisis a mhéadú ach is mian leo solúbthacht a chinntiú chun rannpháirtíocht i measc gach duine a uasmhéadú.
- Príomh-shaincheisteanna iad fíorú aitheantais, cosaint sonraí agus príobháideachtas.

- Cuireadh fáilte roimh roghanna ar líne ach saincheisteanna ríthábhachtacha iad slándáil theicniúil, cobhsaíocht agus athléimneacht.
- Is gá tabhairt faoi aistriú chuig chlárúchán aonair go cúramach lena chinntiú go gcuirtear roghanna ar fáil dóibh siúd ar baol dóibh gan chlárú a dhéanamh, go háirithe iad siúd a dteastaíonn cúnamh uathu chun amhlaidh a dhéanamh.
- Tugadh le fios go dteastaíonn poiblíocht agus múscailt feasachta leanúnach maidir leis an tionscadal seo agus ceisteanna gaolmhara.

Tá obair ar siúl anois chun an tionscadal nuachóirithe a thabhairt chun cinn níos mó:

- Tá Scéim Ghinearálta á dréachtú atá leagfar amach ann seo tograí reachtaíochta a chuirfear faoi bhráid an Rialtais a lorgaíonn faomhadh chun Bille a dhréachtú.
- Tá an Roinn ag oibriú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun breithniú a dhéanamh ar voter.ie – trí mheastóireacht a dhéanamh ar an ardán, ina measc sin, ag féachaint le seirbhís roghnach ar líne a thabhairt isteach go náisiúnta.
- Tá obair ar bun faoi láthair chun na foirmeacha iarratais cuíchóirithe a fhorbairt – áireofar leis seo comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir.

Beidh nuashonruithe ar an tionscadal ar fáil ag [www.registerreform.gov.ie](http://www.registerreform.gov.ie) (a atreoraíonn thú chuig láithreán gréasáin na Roinne [www.housing.gov.ie](http://www.housing.gov.ie)).

[tithiocht.gov.ie](http://tithiocht.gov.ie)

